



An Bhruiséil, 23 Samhain 2017
(OR. en)

14841/17

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2017/0123 (COD)

2017/0122 (COD)

2017/0121 (COD)

2017/0113 (COD)

TRANS 514
SOC 757
EMPL 577
MI 869
COMPET 811
CODEC 1903
IA 197

TUARASCÁIL

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. ón gCoim.: ST 9668/17 TRANS 212 CODEC 923
ST 9669/17 TRANS 213 CODEC 924
ST 9671/17 TRANS 215 SOC 441 EMPL 342 MI 456 COMPET 450
CODEC 926
ST 9670/17 TRANS 214 SOC 440 CODEC 925

Ábhar: Pacáiste Soghluaisteachta I

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus, íos-sosanna tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus Rialachán (CE) 165/2014 i dtaca le suíomh le tacagraif

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le hoibríthe a phostú san earnáil iompair de bhóthar

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfrúiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar

– Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

Ghlac an Coimisiún na ceithre thogra ar an 31 Bealtaine 2017 mar chuid den chéad sciar den phacáiste soghluaisteachta. Rinneadh cur i láthair sa Chomhairle ina dhiaidh sin ar an 8 Meitheamh 2017 (mar ítim faoi Aon Ghnó Eile).

Cuspóir uileghabhálach de chuid na dtograí is ea feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na rialacha sóisialta agus ar rialacha na margáí trí shoiléiriú, trí shimpliú agus forálacha rialaithe scagtha. Is iad seo a leanas príomh-chuir chuige na dtograí:

- Rochtain ar an gceird agus ar an margadh: géarú agus comhchuibhiú ar na dálaí bunaithe agus comhar níos fearr a chruthú i measc na mBallstát d'fhonn cuideachtaí na mboscaí litreacha, mar a thugtar orthu, a ghleic; an ceadúnú éigeantach i dtaca le feithiclí tráchtála éadroma a mhéadú; na srianta cabatáiste a athbhreithniú agus a shimpliú, agus caighdeáin ghaolmhara rialaithe a shocrú; bogadh i dtreo doiciméid leictreonacha;
- Tréimhsí scíthe agus tacagraf: beagán den tsolúbthacht a thabhairt isteach i dtaca leis na tréimhsí scíthe d'fhonn go bhféadfaí sciar mór acu a chur ann gach tríú seachtain; an tsolúbthacht seo a chomhcheangal le hoibleagáid shoiléir ar na hoibreoirí cóiríocht leordhóthanach arna híoc ag na hoibreoirí a chur ar fáil lasmuigh de chábán an tiománaí, lena n-áirítear an deis a bheith ag an tiománaí filleadh abhaile go rialta; oibleagáid ar an tiománaí trasnuithe teorann a ionchódú sa tacagraf d'fhonn éascú a dhéanamh ar an obair leantach a bhaineann le caighdeáin shóisialta agus le rialacha cabatáiste;
- Oibrithe san iompar de bhóithre a postú agus an treoir um fhorfheidhmiú: soiléiriú a thabhairt ar chur chun feidhme na bprionsabal a bhaineann le 'postú oibrithe' trí íostréimhse a leagan síos nach mór don tiománaí a chaitheamh sa Bhallstát (trí lá in aghaidh na míosa nuair is iompar idirnáisiúnta atá i gceist) ionas go mbeidh feidhm ag an íosphá áitiúil agus ag na rialacha maidir le saoire bhliantúil; an forfheidhmiú a fheabhsú trí sheicliostaí saincheaptha i gcomhair seiceálacha cois bóthair, trí mhodh comhchuibhithe riosca-rátála agus tríd an Treoir maidir le hAm Oibre a chur i bhfeidhm ina gcás siúd a bheidh faoi réir rialú éigeantach;
- Feithiclí fruilithe: na srianta a mhaolú maidir le feithiclí atá ar cíos a úsáid i réimse an iompair idirnáisiúnta.

Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh na tograí seacht n-uaire déag idir an 1 Meitheamh agus an 6 Samhain 2017. Chuir gach ceann de na toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach; cuireadh idirghabhálacha agus seasaimh éagsúla chun cinn sa phlé ar ábhair shonracha dá bhrí sin. Chuir toscaireachtaí DK, PL agus UK forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha isteach. Thagair toscaireacht NL do mheasúnú tionchair a bhí ar siúl acu féin san Ísiltír.

Ar an 13 agus an 21 Meitheamh 2017, phléigh na toscaireachtaí na measúnuithe tionchair a cuireadh leis na tograí, agus thug siad cead dóibh féin gan aon tuairim a thabhairt go tráth ab fhaide anonn. Maidir leis an gcolún sóisialta, d'aithin na toscaireachtaí ar an iomlán cáilíocht an mheasúnaithe tionchair. Ach cháin roinnt de na toscaireachtaí na toimhdí maidir le costais a bhaineann le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le 'postú oibríthe' i réimse an iompair idirnáisiúnta. Chreid na toscaireachtaí céanna sin go raibh ualach an rialaithe ag bailiú chuige i ngeall ar na ceanglais nua i dtaca le tréimhsí scíthe. Ina theannta sin, cheistigh roinnt de na toscaireachtaí a indéanta a bhí sé tréimhsí scíthe seachtainiúla a ghlacadh go rialta lasmuigh de na feithiclí mura raibh dóthain spásanna páirceála daingne ar fáil. Bhí Ballstáit eile den tuairim go bhfágfaí drochiarmhairt ar an tsábháilteacht ar bóthar dá dtabharfaí isteach rialacha maidir le tréimhsí scíthe a bheadh ní ba sholúbtha.

Maidir le rochtain ar an margadh, d'aontaigh na toscaireachtaí leis an measúnú tionchair ón gCoimisiún inar dúradh gur mhór an t-easnamh a dheacra a bhí sé rialacha maidir le cabatáiste a rialú. Tharraing Ballstáit eile fós aird ar an méid seo – gur ar na Ballstáit sin is minice cabatáiste ar siúl iontu a leagfaí an t-ualach rialaithe go praiticiúil. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh amhras orthu ar leor a raibh d'oibríochtaí neamhdhleathacha ar siúl mar bhonn cirt le hathfhoirmlíú a dhéanamh ar na rialacha cabatáiste ó tharla nach mór a bhí líon na n-oibríochtaí neamhdhleathacha sin. Níor chomhaontaigh na toscaireachtaí sin leis an áiteamh go mbainfí amach status quo – den chuid is mó – i líon na n-oibríochtaí cabatáiste de bhíthin an tsimplithe a bhí á bheartú maidir leis na rialacha, ar an ábhar go raibh le tuiscint ar chuid de na ríomhanna a cuireadh i láthair gur laghdú a bheadh ag teacht ar na gníomhaíochtaí sin. Ba é ab fhearr leo mar rogha beartais ardú a theacht ar na caighdeáin shóisialta agus rochtain ar an margadh a oscailt in éineacht. Bhí grúpa eile de na toscaireachtaí ar a mhalairt de thuairim; thuar siad go dtiocfadh ardú nár bheag ar ghníomhaíochtaí cabatáiste, lenar áirigh siad an cabatáiste córasach – rud a mheas siad a bheith míchuí fad is a bhí difríochtaí móra ar fud an Aontais sna caighdeáin shóisialta.

I dtaca leis an staidéar measúnaithe tionchair maidir le rochtain ar an ngairm, bhí líon mór de na toscaireachtaí a mheas go raibh an bonn atá ann maidir le ceanglais um cheadúnais le haghaidh feithiclí tráchtála lag. Ní hé amháin sin, dar le cuid eile de na toscaireachtaí, ach níor cuireadh aon fhianaise ar fáil sa staidéar, gur ghá rialú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ar gach feithicil tráchtála éadrom. Thacaigh tromlach na dtoscaireachtaí leis an gcur chuige go ndéanfaí na ceanglais bhunaíochta a atreisiú agus go gcuirfí teorainn leis an bhféidearthacht ceanglais bhreise rochtana a leagan síos ar an leibhéal náisiúnta. Bhí inní ar chuid de na Ballstáit go raibh sé beartaithe deireadh a chur leis na critéir bhreise náisiúnta, agus luaigh siad an tionchar diúltach a bheadh ag a leithéid ar an leibhéal náisiúnta ach go háirithe.

Ar deireadh, i dtaca le feithiclí fruilithe, d'aithin na toscaireachtaí an tionchar dearfach a mheastar a bheidh ann maidir le dul i bhfód ar mhargadh na bhfeithiclí fruilithe, ach ba dhíol béime ag cuid acu nár mhór tuilleadh anailise a dhéanamh ar na héifeachtaí féideartha diúltacha. Ar na hábhair inní sin, bhí an inrialaitheacht agus go dtarlódh creimeadh cánach – bhain an dá ábhar sin leis na srianta atá fágtha maidir le feithiclí fruilithe a chur i gcúrsaíocht agus le hoibríochtaí cabatáiste. Bhí roinnt de na toscaireachtaí nach raibh cinnte maidir leis an argóint gur fearr go cinnte an tionchar ar an timpeallacht margadh na bhfeithiclí fruilithe a bheith níos éifeachtúla.

II. CÁSANNA LE HAGHAIDH COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

a) Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009

Feithiclí tráchtála éadroma

I ndáil le rialáil a dhéanamh ar oibreoirí feithiclí tráchtála éadroma i ndáil le rochtain ar an ngairm, tá comhréiteach molta ag an Uachtaránacht ina mbeidh na heilimintí seo a leanas:

- Ní chuimseofaí ach oibreoirí a oibríonn **go hidirnáisiúnta** le LCVanna **dar meáchan** idir [2.5-2.8t] agus 3.5t faoi raon feidhme na treorach, ó tharla gurb é is mó ba chás leis na Ballstáit go n-éireodh na feithiclí sin níos feiceálaí i margadh idirnáisiúnta an iompair bóthair. Dá ndéanfaí íosmheáchan a leagan síos, níor ghá líon an-mhór feithicilí agus oibreoirí breise a chumhdach ar feithicilí agus oibreoirí iad nach bhfeidhmíonn i margadh idirnáisiúnta an iompair bóthair. Ar an gcaoi sin, thabharfaí aghaidh ar an inní atá ann maidir leis an gcomhréireacht, sheachnófaí ualach riaracháin neamhriachtanach ar oibreoirí a úsáideann mionveaineanna nach bhfuil nach mó ná carr paisinéirí. Tairseach idir 2.5 agus 2.8 tona a moladh.

- Oibreoirí ábhartha ar mian leo a bheith i mbun an iompair idirnáisiúnta le LCV is troime ná an tairseach meáchain, beidh orthu iarratas a dhéanamh **ar cheadúnas de chuid an Aontais**. D'fhonn nach mbeifí ag teacht timpeall ar na rialacha maidir le seasamh airgeadais, ar rialacha iad is déine i gcás feithiclí tromshaothair, tá sé d'oibleagáid ar an údarás eisiúna a shonrú ar na fíorchóipeanna deimhnithe gur d'fheithicil nó do chumasc díobh atá idir [2.5-2.8 t] -3.5 t a eisítear iad.
- Bheadh feidhm ag gach ceann de na ceithre **chritéar údarúcháin** – bunaíocht chobhsaí, dea-cháil, inniúlacht ghairmiúil, seasamh airgeadais – do LCVanna. Leis an gcur chuige sin, bheadh cothrom na féinne á leagan amach chun oibreoirí a bheidh ag gabháil i réimse an iompair idirnáisiúnta chomh maith le hoibreoirí LCVanna mar sin de na cabhlaigh measctha, a bhfuil gach ceann de na critéir ágcomhlíonadh cheana féin.
- Mhol an Uachtaránacht freisin **beartha idirthréimhseacha** áirithe i ndáil le cur i bhfeidhm na rialacha nua seo d'fhonn am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit na córais riaracháin a chur ar bun chun oibreoirí LCVanna a cheadúnú agus chun go bhféadfadh na hoibreoirí LCVanna cloí leis na rialacha nua.

Critéir bhunaíochta agus ceanglais náisiúnta bhreise

Mhol an Uachtaránacht comhréiteach lena n-éascaítear an togra ón gCoimisiún deireadh a chur leis an bhféidearthacht atá ann do na Ballstáit ceanglais cheadúnaithe a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta. Bhéarfadh sin go mbeadh trédhearcacht ann ar fud an Aontais i dtaca le rochtain ar an ngairm. D'fhéadfadh sé tarlú gur gá oiriúnú le haghaidh sainiúlachtaí náisiúnta áirithe a bhainfeadh, den chuid is mó, leis na critéir bhunaíochta agus, dá bhrí sin, mhol an Uachtaránacht go dtíolacfaí liosta de na critéir i ndáil leis an mbunú sin ar bhonn deonach agus go bhféadfaidh Ballstáit iad a iarraidh sa bhreis ar na cinn éigeantacha más mian leo sin a dhéanamh.

Sa bhreis air sin, mhol an Uachtaránacht foclaíocht níos nithiúla a úsáid i ndáil leis na critéir bhunaíochta éigeantacha (e.g. "feithiclí" agus "tiománaithe" a chur in ionad "sócmhainní" agus "foireann") agus mhol freisin dhá cheann sa bhreis a chur leo: is é sin, nach mór gnóthas a chlárú i gclár náisiúnta um ghníomhaíocht eacnamaíoch; agus a bheith faoi réir cánacha i mBallstát na bunaíochta.

Seasamh airgeadais

I gcás gur cabhlach measctha atá i gceist, mhol an Uachtaránacht gurb iad na ceanglais ísle airgeadais chéanna a chuirfí i bhfeidhm i gcás LCVanna agus a chuirtear i bhfeidhm ar ghnóthais nach n-úsáideann ach LCVanna. D'áiritheofaí ar an gcaoi sin go gcaithfí go comhionann leis na hoibreoírí go léir nuair a bheadh LCVanna á n-úsáid acu. Mhol an Uachtaránacht freisin nach gcuirfí an ceanglas sin i bhfeidhm ach ar fheithiclí faoi bhun 3.5 tona, agus nach mbacfaí leis i gcás cónasc feithiclí, óir dá ndéanfaí a mhalairt bheadh cur chun feidhme na rialacha casta.

I ndáil le cruthúnas a bhaineann le seasamh airgeadais, mhol an Uachtaránacht go gcoimeádfaí an creat dlí atá ann faoi láthair, i gcás inar féidir leis an riarachán an ceanglas maidir le ráthaíocht bhainc nó árachas a éileamh más mian leo, agus ní amháin i gcás nach bhfuil fáil ar chuntais bhliantúla dheimhnithe an ghnóthais, mar a mhol an Coimisiún.

b) Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009

Oibríochtaí cabatáiste

Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, mhol an Uachtaránacht go sainmhíneofaí go soiléir sa téacs dlí an chiall atá le tús a chur le hoibríocht chabatáiste. Cheadódh an sainmhíniú atá beartaithe nach bhféadfaí tús a chur le hoibríochtaí cabatáiste nó go mbeadh an díluchtú go léir críochnaithe sa Bhallstát óstach.

Seiceálacha cabatáiste

Mhol an Uachtaránacht gan a leagan síos go gcaithfeadh na húdaráis inniúla náisiúnta líon seasta de sheiceálacha cabatáiste a dhéanamh. Líon leordhóthanach de na seiceálacha a dhéanamh bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe, a chuirfeadh ar chumas na mBallstát an ghníomhaíocht chabatáiste iomlán sa tír a mheas chomh maith le rátáil riosca na réimsí féideartha maidir le cabatáiste neamhdhleathach. Leis an gcur chuige atá á mholadh, bheadh ar na Ballstáit seiceálacha cabatáiste a dhéanamh de réir a gcásanna sonracha.

Sa bhreis air sin, maidir leis na seiceálacha comhbheartaithe cois bóthair atá le déanamh trí huairé gach bliain, mhol an Uachtaránacht freisin go gceadófaí iad a dhéanamh faoin oibleagáid atá ann cheana chun sé sheiceáil chomhbheartaithe cois bóthair a dhéanamh le haghaidh cuspoírí eile faoi Threoir 2006/22/CE maidir le forfheidhmiú.

c) **Rialachán (CE) Uimh. 561/2006**

Scíth rialta sheachtainiúil i gcábán an tiománaí

Mhol an Uachtaránacht go leanfaí an togra ón gCoimisiún i ndáil le toirmeasc ginearálta maidir le scíth sheachtainiúil rialta nó tréimhsí cúitimh coibhéiseacha a chaitheamh i gcábán an tiománaí. Ag an am céanna, mhol an Uachtaránacht díolúine a thabhairt isteach lena gceadófaí don tiománaí an scíth sheachtainiúil rialta a chaitheamh sa chábán nuair atá sí feistithe le saoráidí codlata oiriúnacha le haghaidh gach tiománaí agus í páirceáilte ar limistéar scíthe oiriúnach ina gcuirtear páirceáil shlán shábháilte agus áiseanna sláintíochta leordhóthanacha do chompond an tiománaí ar fáil. Bhéarfadh sin go gcaithfí sainmhíniú a thabhairt sa Rialachán ar "limistéar scíthe oiriúnach". Ba cheart go sásódh an limistéar scíthe oiriúnach sin critéir áirithe maidir le sábháilteacht, slándáil, agus seirbhís.

Chuir an Uachtaránacht béim freisin ar an méid seo: nár mhór go mbeadh fáil gan stró ag na tarlóirí agus tiománaithe ar an bhfaisnéis maidir leis na limistéir scíthe oiriúnacha sin, agus gurbh fhearr go mór dá mba pointe rochtana amháin a d'fheidhmeodh don Aontas ar fad.

Filleadh abhaile agus sceideal na scíthe seachtainiúla

Maidir leis an oibleagáid a bheidh ar tharlóir deis a thabhairt do thiománaí fillleadh abhaile, mhol an Uachtaránacht go socrófaí sin ag timthriall sé seachtaine d'fhonn tarlóirí ó Bhallstáit fhorimeallacha a chuimsiú freisin. Mheas an Uachtaránacht go raibh sé tábhachtach nach ndéanfaí an téarma "baile" a shainmhíniú ar bhealach sriantach mar ba cheart méid áirithe solúbthachta a fhágáil don tiománaí maidir le mian agus rogha.

Maidir leis an sceideal don scíth sheachtainiúil, mhol an Uachtaránacht go gcoinneofaí an cur chuige reatha désheachtainiúil lena gceanglaítear go dtógfar an scíth sheachtainiúil rialta gach dara seachtain ar a laghad. D'fhéadfaí an cúiteamh mar gheall ar scíth sheachtainiúil laghdaithe a chur le scíth sheachtainiúil rialta nó le scíth sheachtainiúil eile.

d) Rialachán (CE) Uimh. 165/2014

Cuspóir na faisnéise tacagraif

Mhol an Uachtaránacht soiléiriú a dhéanamh sa téacs, gur féidir an fhaisnéis tacagraif a úsáid chun comhlíonadh na rialacha cabatáiste agus rialacha maidir leis na tiománaithe arna bpostú a fhíorú agus chun críche na teorach maidir le hiompar traschórais.

Iontráil na gcód tíre

Mhol an Uachtaránacht a shoiléiriú nach mór an oibleagáid a chomhlíonadh chun cód tíre a chur isteach tar éis teorainn náisiúnta a thrasnú díreach ag an gcéad stop, bíodh sin pleanáilte nó riachtanach, don tiománaí nó don oibríocht iompair. Ní bheadh aon oibleagáid ar an tiománaí stopadh, tar éis dó an teorainn a thrasnú, díreach chun an cód tíre a chur isteach fiú i gcásanna nuair a thrasnaíonn an tiománaí teorainneacha éagsúla gan stop pleanáilte aige. Níl aon nasc idir an oibleagáid chun an cód tíre a chur isteach agus cineál na hoibríochta a bheadh i gceist.

e) Treoir don *lex specialis* i ndáil le hoibríthe san iompar de bhóithre a phostú agus Treoir 2006/22/CE

Raon feidhme

Mhol an Uachtaránacht go soiléireofaí go sainráite sa reachtaíocht nach ionann oibríochtaí idirthurais agus postú tiománaithe. Sa bhreis air sin, mhol an Uachtaránacht go soiléireofaí gur cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha *lex specialis* ar an mbonn céanna ar thiománaithe a thugann faoi obair ar mhaithe leo féin.

Na tréimhsí postaithe a ríomh

Maidir le ríomh na dtréimhsí postaithe i mBallstát Óstach, mhol an Uachtaránacht gníomhaíochtaí seo a leanas an tiománaí a chur san áireamh: am tiomána, am infhaighteachta, sosanna agus am scíthe laethúil. I gcomhréir leis an gcomhréiteach atá beartaithe, níor cheart an scíth sheachtainiúil a ríomh i dtréimhse an phostúcháin.

Nuair a théann tiománaí isteach sa tír óstach trí bhíthin modhanna iompair eile, mar shampla ar bhád farantóireachta nó ar thraein, ba cheart tús na tréimhse postúcháin a ríomh nuair a thosóidh an tiománaí an fheithicil a oibriú chun an traein nó an bád farantóireachta a fhágáil.

Maidir leis na riachtanais riaracháin agus na bearta rialúcháin d'fhonn na rialacha postúcháin in earnáil an iompair de bhóthar a fhorfheidhmiú, ba cheart iad a thíolaic faoin *lex specialis* ("an liosta dúnta") atá sonrath don earnáil sin. Más gá na riachtanais nó na bearta seo a uasdátú le himeacht ama de bharr forbairtí teicneolaíochta nó a leithéid, ba cheart é a dhéanamh trí reachtaíocht thánaisteach. Leis sin, ráthófaí go socrófaí na rialacha postúcháin ar an leibhéal Eorpach agus go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú sa chaoi chéanna i ngach Ballstát.

f) Treoir 2006/1/CE

Leis an togra ón Uachtaránacht foráiltear nach féidir le Ballstát srian a chur le húsáid feithicle atá fruilithe ó Bhallstát eile ach amháin ar mhaithe leis na gnóthais atá bunaithe ina tír féin. Ní bheadh Ballstát in ann srian a chur ar úsáid feithiclí fruilithe ar a chríoch ag gnóthas atá bunaithe i mBallstát eile.

Má theastaíonn ó Bhallstát srian a chur ar úsáid feithiclí fruilithe ag gnóthais atá bunaithe ar a chríoch féin, féadfaidh sé teorainn a chur le húsáid feithicle fruilithe do thréimhse trí mhí as a chéile laistigh de bhliain féilire. Sa bhreis air sin, féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur ar líon na bhfeithiclí fruilithe ó Bhallstát eile go dtí uasmhéid de 25 % d'iomlán an chabhlaigh atá in úinéireacht an ghnóthais.

Mhol an Uachtaránacht freisin go ndéanfaidh an t-athbhreithniú atá beartaithe ag an gCoimisiún, agus a bhfuiltear ag súil leis cúig bliana tar éis spriocdháta an trasuite, measúnú ar iarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ón méadú ar úsáid feithiclí fruilithe ar ioncaim chánach na mBallstát, ar an tsábháilteacht ar bóthar agus ar an gcabataíste neamhdhleathach.

III. BARÚLACHA MAIDIR LEIS NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

a) Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009

Feithiclí tráchtála éadroma

Mhaígh roinnt mhaith Ballstát go bhfuil go leor ceanglais cheadúnúcháin maidir le hoibreoirí LCVanna a dhéanadh costas suntasach don earnáil seo, agus ag an am céanna nach raibh aon fhianaise shoiléir go bhfuil gá le hidirghabháil ar leibhéal an AE. D'áitigh Ballstáit eile nach bhfuil sa togra ón gCoimisiún ach frithghníomh neamhleor mar fhreagairt ar dhálaí neamhshocair i ndáil le gníomhaíocht mhéadaithe LCV, toisc nár ghá critéir níos criticiúla maidir le seiceáil ar iontaofacht oibríochta (dea-cháil, inniúlacht ghairmiúil) a chomhlíonadh. Leag siad béim ar an ngá le faireachas ceart a dhéanamh san earnáil sin agus iomaíocht chothrom a áirithiú leis na hoibreoirí tromshaothair. Rinne roinnt Ballstát comparáid leis an togra chun na réitigh ar an leibhéal náisiúnta i gcásanna nuair nach dtagann ceanglais cheadúnaithe i bhfeidhm ar LCVanna ach amháin ag íos-ualach áirithe.

D'fhéadfadh gach Ballstát seachas ceann amháin tacú leis an moladh ón Uachtaránacht an ceanglas ceadúnaithe a theorannú don **iompar idirnáisiúnta**. Bhí formhór na mBallstát sásta a dtacaíocht a thabhairt don mholadh gur ó **íosmheáchán** áirithe aníos a thabharfaí feidhm don cheanglas sin. Bhí ceithre Bhallstát ann nár thacaigh leis an smaoineamh sin. Ní beag líon na mBallstát atá gan seasamh cinnte i ndáil leis an íosmheáchan iomchuí; thacaigh siad leis an treoir ón Uachtaránacht i.e. 2.5 go 2.8 tona meáchain ualaithe. Ba léir gur thacaigh cuid de na Ballstáit leis an gceann ab ísle den dá theorainn íosmheáchain sin.

I ndáil leis na **critéir údarúcháin**, b'fhearr le tromlach mór na mBallstát gach ceann de na ceithre chritéar a chur i bhfeidhm mura gcumhdófaí ach LCVanna atá i mbun an iompair idirnáisiúnta leis an raon feidhme. Bhí roinnt eile de na Ballstáit arbh fhearr leo cloí le moladh an Choimisiúin sa chás seo. Cheistigh siad, go háirithe, an tábhacht a bhaineann le "dea-cháil" in éagmais faireachais tacagraf san earnáil seo, agus a bhfuil an chonstaic mar gheall ar an "inniúlacht ghairmiúil is gá" róchiotach, agus iad ag féachaint siar ar na ceanglais in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán. B'fhearr leis an gcuid is mó de na toscaireachtaí a labhair nach ndéanfaí Iarscríbhinn I a leasú chun críche sonraí LCVanna. Dhiúltaigh Ballstát amháin an ceanglas sonrach maidir le seasamh airgeadais agus dúirt nach mbeadh mar thoradh air sin ach páipéarachas breise seachas constaic nithiúil.

Bhí cúpla Ballstát den tuairim go raibh na méideanna sonracha i ndáil le seasamh airgeadais ró-ard i gcónaí. Ghlac an chuid is mó de na Ballstáit cur i bhfeidhm an tseasaimh airgeadais, chomh fada agus go socrófaí ceist na gcabhlach measctha a bheadh comhdhéanta d'fheithiclí tráchtála éadroma agus tromshaothair. Maidir le cur chun feidhme gach ceann de na ceithre chritéar údarúcháin, d'iarr roinnt Ballstát idirthréimhse leordhóthanach.

Ar deireadh, ghlac an chuid is mó de na Ballstáit, i bprionsabal, an togra i ndáil le **ceanglais tuairiscithe** nua riaracháin a bhaineann le LCVanna. D'iarr go leor toscaireachtaí, áfach, athbhreithniú ar an gcuid seo den togra d'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú (faoi dhó sa bhliain, seachas go bliantúil, agus go mbeadh sé bunaithe ar staidreamh a bheadh ar fáil go héasca) chun soiléire a fheabhsú (cóireáil feithiclí díolmhaithe).

Critéir bhunaíochta agus ceanglais náisiúnta bhreise

Cé gur aontaigh an chuid is mó de na Ballstáit nach mór na coinníollacha a neartú do bhunaíocht chobhsaí de réir mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán é, cheistigh roinnt acu na coinníollacha sin agus cháin siad an easpa soiléireachta i ndáil leis sin. Ar an taobh eile de, leis an togra ón gCoimisiún go scriosfaí Airteagal 3(2) den Rialachán, rud a chiallódh nach mbeadh na Ballstáit ceadaithe tuilleadh ceanglas ceadúnúcháin a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, bhí roinnt mhaith Ballstát ag cur ina choinne sin, agus d'áitigh siad go bhfuil a gcuid rialacha náisiúnta ag freastal ar riachtanais shonracha agus gur chinntigh siad freisin an cuspóir go dtreiseofar an nasc leis an tír bhunaíochta.

Thacaigh tromlach mór na mBallstát le moladh na hUachtaránachta gnéithe breise a chur le hairteagail 5 agus 7 le sainiúlachtaí náisiúnta a léiriú agus Airteagal 3(2) a scriosadh ina n-áit. Mar sin féin, leanadh de shonraína ngnéithe sin sin a fhoirmliú agus a ghrinnsrúdú. Bhí roinnt Ballstát den tuairim, ar ndóigh, go raibh easpa beaichte agus inrialaitheachta i roinnt gnéithe, agus bhí cuid eile acu ag iarraidh níos mó solúbthachta d'fhonn sonraíochtaí náisiúnta a choimeád.

Mhol toscaireachtaí eile liosta na riachtanas oibleagáideach a neartú, e.g. maidir le sócmhainní riachtanacha agus maoiniú áitiúil, seachas a bheidh ag cur riachtanais nua deonacha nua leo d'fhonn cothrom na féinne a chur ar fáil sa chomhrac i gcoinne chuideachtaí na mboscaí litreacha. Thug roinnt Ballstát eile faoi deara narbh fhéidir cuid de na critéir liostaithe a sheiceáil ag tús na n-oibríochtaí, nó go dtí go mbeadh an chuideachta bunaithe cheana féin.

Seasamh airgeadais

Is é cóireáil **cabhlaigh measctha** an phríomh-shaincheist a bhain leis an bplé maidir le seasamh airgeadais. Chuir toscaireachtaí fáilte ghinearálta roimh comhréiteach na hUachtaránachta inar cuimsíodh comhchóireáil LCVanna i gcabhlaigh uile na n-oibreoirí cé gur léir go raibh gá le tuilleadh beaichte in áiteanna, ar ndóigh. B'ábhar inní do roinnt toscaireachtaí go gcuirfí meascán d'fheithiclí san áireamh d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoi na tairsí a bheadh i bhfeidhm. Bhí an Uachtaránacht den tuairim go raibh an iomarca athróga ann chun meascáin na bhfeithiclí a chur san áireamh chun na críche sin, agus thagair sí don togra uaithi go ndéarfadh an chóip dhílis dheimhnithe den cheadúnas Comhphobail go soiléir cé acu atá nó nach bhfuil sé leithdháilte ar LCV a fhanann faoin teorainn mheáchain agus a leantóir san áireamh, nó go bhfuil sé leithdháilte ar fheithicil atá os cionn na teorann meáchain. Mhol roinnt Ballstát méideanna níos ísle do LCVanna níos ísle ná mar atá sa togra ón gCoimisiún. Ní ghlac an Uachtaránacht leis mar go raibh sí den tuairim gur leor an cabhlach féin (luach sócmhainne fhlít na bhfeithiclí) mar chaipiteal cothromais. Luaigh roinnt de na Ballstáit gur cheart na suimeanna sin a bheith níos airde fós.

Cheistigh roinnt toscaireachtaí an t-athfhoirmiú "caipitil agus cúlchistí caipitil" le "**caipiteal cothromais**" sa togra. Bhí siad ag lorg suaimhnis go gcuirfí gach cuid de na hacmhainní dílse a bheadh ar fáil don iarratasóir san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an gceanglas airgeadais. Mhol toscaireacht amháin an tairseach airgeadais a **innéacsú** i bhfianaise chobhsaíocht an Rialacháin le roinnt mhaith blianta anuas.

Maidir leis na modhanna lena soláthrófaí **cruthúnas maidir le seasamh airgeadais**, bhí cúpla toscaireacht nár chomhaontaigh leis na hathruithe atá beartaithe ag an gCoimisiún, toisc gur mheas siad go dtéann siad níos faide ná soiléiriú. Bhí na toscaireachtaí sin ag iarraidh, go háirithe, go leanfaí leis na córais náisiúnta lena n-iarrtar ráthaíocht bhainc fiú i gcás ina bhfuil cuntais bhliantúla ar fáil, chomh maith leis an tagairt don árachas. Bhí tacaíocht ann don togra ón Uachtaránacht maidir le foclaíocht reatha na forála seo a choinneáil ach bhí easaontas ann freisin toisc gur mheas cuid de na toscaireachtaí go raibh an togra ón gCoimisiún tairbhiúil do chuideachtaí beaga a mbeadh easpa rochtana acu ar ráthaíochtaí airgeadais. Tháinig an Uachtaránacht ar an tuairim go dteastódh tuilleadh oibre féachaint an bhféadfadh na tuairimí sin a réiteach le chéile.

Maidir le **clár leictreonacha náisiúnta** agus an **comhar idir Bhallstáit**, ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na toscaireachtaí an togra ón gCoimisiún. Mar sin féin, maidir leis na clár náisiúnta leictreonacha, chuir roinnt acu béim ar an ngá le cothromaíocht a bhaint amach idir na costais riaracháin agus sonraí éigeantacha a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus d'áitigh na toscaireachtaí sin freisin na hiarrachtaí breise a mbeidh gá leo chun iad a chúiteamh le ERU a fheidhmíonn go maith.¹ Mheas cuid de na toscaireachtaí go raibh roinnt tacar sonraí iomarcach (e.g. sonraí mionsonraithe airgeadais, líon na bhfostaithe, grádú riosca).

Maidir le comhar athneartaithe idir Ballstáit, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí tiomantas an Choimisiúin an nós imeachta a struchtúrú. Mar sin féin, bhí tuairimí éagsúla ann i ndáil leis na céimeanna éagsúla den nós imeachta. Cé go bhfuil roinnt Ballstát ag iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann maidir leis na cúiseanna lena féidir iarratas ar chomhar a dhiúltú, agus go raibh siad den tuairim gur luachmhar dearbhú a fháil faoi iarraidh den sórt sin, d'iarr cuid eile acu spriocdhátaí níos faide ionas go mbeadh siad in ann iarrataí den sórt sin a chomhlíonadh. Rinneadh dealú áirithe, ag brath ar an méid a bheadh ag teastáil mar gheall ar chineál an imscrúdaithe nó an iarraidh, nó moladh go gcuirfí teorainn le cineál na faisnéise a d'fhéadfaí a iarraidh. Bhain an Uachtaránacht de tháil mar bhealach chun tosaigh, gur cheart go sonródh an téacs réasúnú íosta aon iarraidh (e.g. léirítear cuspóir an nós imeachta go ndeirtear go mionsonrach agus go leordhóthanach an fhaisnéis a iarrtar) agus/nó go ndéanfaí a shonrú na forais ar a bhfuil an fhaisnéis le soláthar nó le diúltú. Ba cheart go dtabharfaí faoi ailíniú na foclaíochta do na nósanna imeachta comhair (Airteagal 8 de Treoir 2006/22/CE agus Airteagal 18 de Rialachán 1071/2009).

Maidir le raon feidhme an Rialacháin, mheas roinnt Ballstát go mbeadh míniú ann ar chineál "**neamhthráchtála**" oibríochtaí iompair agus gur cheart sin a dhéanamh ar bhealach comhchuibhithe trasna reachtaíocht an Aontais, ach bhí amhras ar roinnt acu ag an am céanna an mbeadh an méid sin praiticiúil. Ag an am céanna, glacadh leis na hiarrachtaí sin an coincheap seo a shoiléiriú.

¹ An Clár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar.

Maidir leis an togra an **nós imeachta um ghníomhartha tarmligthe** a chur in ionad an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, mheas roinnt na toscaireachtaí go bhfuil cuid de na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán fíor-riachtanach iontu féin agus, dá bhrí sin, nach mbeadh sé indéanta leasuithe a dhéanamh orthu trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, agus labhair toscaireacht amháin i gcoinne thréimhse neamhtheoranta an chumhachtaithe seo. Bhí tuilleadh staidéir de dhíth ar roinnt toscaireachtaí mar gheall ar an hathruithe a mholtar ann.

Barúlacha ón gCoimisiún

Choinnigh an Coimisiún forchoimeádas maidir lena seasamh. Maidir le LCVanna, léirigh ionadaí an Choimisiúin oscailteacht áirithe trí raon feidhme an Rialacháin a dhíriú ar oibreoirí LCVanna in iompar idirnáisiúnta, ach bhí sé den tuairim sa chás sin gur cheart go mbeadh gá le feidhm iomlán na gceanglas ceadúnúcháin. Mheas sé go bhféadfaí cúiteamh a dhéanamh, mar gheall ar an deireadh atá le cur le solúbthacht na mBallstát maidir le ceanglais cheadúnúcháin náisiúnta, trína gcuimsiú i dtéacs an Rialacháin, ar choinníoll nach gcuirfear bac ar bhealach díréireach ar shaoirse na bunaíochta.

b) Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009

Oibríochtaí cabatáiste

Maidir leis **an méid oibríochtaí cabatáiste a cheadaítear nó laethanta cabatáiste**, ní raibh ach dul chun cinn an-teoranta idir na seasaimh. D'áitigh roinnt Ballstát nach mór an comhréiteach is gá a leathanú chun go gcuimseofaí na modhanna chun na rialacha maidir le "postú oibrithe" a chur i bhfeidhm. Tríd is tríd, ba dhíol sásaimh an iarracht simpliú a dhéanamh ar na rialacha cabatáiste. Mar sin féin, d'iarr roinnt mhaith Ballstát na seacht cabatáiste atá ceadaithe cheana a choimeád, ach gan teorainn a chur le líon na n-oibríochtaí, d'iarr roinnt eile acu ag an am céanna laghdú a dhéanamh ar líon na laethanta cabatáiste ceadaithe i bhfad faoi bhun cúig acu. D'áitigh na Ballstáit sin go bhfuil cabatáiste sealadach mar chineál oibre agus nach mór é sin a ráthú. Bhí an chéad ghrúpa Ballstát go láidir in aghaidh laghdú suntasach faoi bhun cúig lá agus thagair siad freisin don mheasúnú tionchair ón gCoimisiún maidir le líon na laethanta a éagsúlú.

Ar an taobh eile, d'áitigh na Ballstáit a d'iarr laghdú suntasach ar líon na laethanta cabatáiste go dtabharfadh an togra ón gCoimisiún tuilleadh léirscaoilte sa mhargadh trí deireadh a chur leis an uasteorainn ar líon na n-oibríochtaí cabatáiste. D'áitigh roinnt Ballstát nár cheart srian ar bith a chur ar an margadh inmheánach más rud é nach gcuirfear i bhfeidhm na rialacha maidir le hoibríthe phostaithe agus maidir le ham scíthe, mar go ndéanfaí cothromú ar dhálaí na dtiománaithe ó thíortha éagsúla. Bhí grúpa eile Ballstát nach raibh ar aon intinn leis mar gur áitigh siad go bhfuil fachtóirí eile, amhail ranníocaíochtaí sóisialta agus cánach ann, nach mór a chur san áireamh chomh maith.

D'iarr roinnt Ballstát eile na coimircí sonracha chun fadhb na dtimthriallacha cabatáiste spriodhírithé buana agus athdhéanta a sháru, (**cabatáiste córasach**), mar shampla trí "tréimhse mharana" a chur chun feidhme. Mheas roinnt toscaireachtaí eile go gcuirfí isteach srianta breise leis seo ar an margadh inmheánach, go mbeadh siad casta agus díréireach i bhfianaise mhéid na faidhbe agus, ar an gcaoi sin, go mbeadh siad i gcoinne aon choimircí breise a thabhairt isteach. Aithníonn tromlach na Ballstát go ginearálta go bhféadfadh fadhb a bheith sa chabatáiste córasach i réimsí áirithe i gcás ina bhfuil oibríochtaí cabatáiste comhchruinnithe, cé gur chuir cuid acu i bhfios go láidir freisin nach bhfuil fadhb an chabatáiste chórasaigh ann.

Ba léir gur thacaigh Ballstáit leis an ngá atá le níos mó soiléireachta maidir le **tús na hoibríochtaí cabatáiste**. Chomhaontaigh formhór na mBallstát leis an togra ón Uachtaránacht nár cheart tús a chur le oibríochtaí cabatáiste sa Bhallstát óstach ach amháin tar éis do gach pointe dí-ualaithe an iompair idirnáisiúnta a thabhairt chun críche. Chomhaontaigh siad gur cheart sin a shonrú go soiléir sa Rialachán. Líon níos lú Ballstát i bhfabhar cur chuige níos liobráláí a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin freisin oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh i gcomhthráth leis na hoibríochtaí iompair idirnáisiúnta sula ndéanfar iad a dhí-ualú go hiomlán sa Bhallstát óstach. Ar deireadh, d'iarr roinnt Ballstát beachtas a chur leis an sainmhíniú ar an gcabatáiste ar bhealaí eile freisin.

Níor tháinig aon chonclúid chríochnaitheach as an bplé faoi **Bhallstáit thadhla**cha. Thacaigh roinnt Ballstát leis an moladh ón gCoimisiún. Thacaigh roinnt eile leis an moladh ón Uachtaránacht chun téacs an Choimisiúin a shoiléiriú trí shainmhíniú a chur ar fáil ar "Ballstáit thadhla" (na Ballstáit sin a bhfuil teorainn talún acu). Thacaigh roinnt bheaga Ballstát le cur chuige níos liobrálaí lena ligfí oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh in aon Bhallstát eile ar laethanta áirithe. Thacaigh dhá Bhallstát le coigeartú níos teoranta a dhéanamh ar an status quo, lena gceadófaí oibríochtaí cabatáiste in aon Bhallstáit eile laistigh de thréimhse bheacht ama ar lú í ná an tréimhse cúig lá d'oibríochtaí cabatáiste a mhol an Coimisiún. Dúirt roinnt Ballstát eile nár cheart oibríochtaí cabatáiste a cheadú ach amháin sa Bhallstát óstach inar críochnaíodh an oibríocht iompair idirnáisiúnta, go mór mór má leanann líon na n-oibríochtaí de bheith neamhtheoranta ar feadh na laethanta cabatáiste.

Seiceálacha cabatáiste

Maidir leis na **seiceálacha cabatáiste**, bhí na Ballstáit ar aon intinn ar an mórgóir le cur chuige na hUachtaránachta, .i. nár theastaigh líon seasta seiceálacha. Léirigh roinnt acu gur cheart gurbh ar an leibhéal náisiúnta, ag brath ar dhálaí áitiúla, a dhéanfaí céard é líon "leordhóthanach" seiceálacha a mheas. Ar an mórgóir, d'fhéadfadh na Ballstáit tacú leis an dá chomhréiteach ón Uachtaránacht, á rá gur cheart iad a fheiceáil mar chomhréitigh a bhí go hiomlán comhlántach lena chéile.

Saincheisteanna eile

Ba dhíol sásaimh ar an mórgóir do na Ballstáit an rún atá ag an gCoimisiún dul i dtreo **na ndoiciméad leictreonach do sheiceálacha cois bóthair**, ach bhí cuid acu inníoch gur lú an éifeachtúlacht a bhainfeadh le seirbhísí cigireachta dá gceadófaí don tiománaí tagairt a dhéanamh do dhaoine eile lasmuigh den trucail chun fianaise a chur ar fáil. Maidir leis an oibleagáid a d'fhéadfaí a chur ar na Ballstáit **iompar áirithe** de chuid coinsíneoirí, seoltóirí lasta, conraitheoirí agus fochonraitheoirí **a phionósú**, chuir toscaireachtaí forchoimeádais shonracha ghrinnscrúdaithe isteach. Chuir roinnt toscaireachtaí i bhfáth gur cheart céim bhóthair de chomhoibríocht iompair á cur i gcrích laistigh de Bhallstát amháin, a bheith á rialú leis na coinníollacha céanna rochtana margaidh a bheadh ag oibríocht chabatáiste. Ar deireadh, maidir le nósanna imeachta **na ngníomhartha tarmligthe**, níor aontaigh roinnt toscaireachtaí gur cheart tréimhse bhailíochta an cheadúnais Comhphobail a athrú tríd an dlí tánaisteach.

Chosain ionadaí an Choimisiúin an moladh maidir leis na hoibríochtaí cabatáiste. Mheas sé gur cheart a thuilleadh anailíse a dhéanamh ar na hargóintí faoin gcúig lá, ar an gcoinníoll go ndéanfaí sin i gcomhréir le cuspóir an togra, eadhon na rialacha a shimpliú agus an rialú a fheabhsú. Leis an simpliú a bhí á bheartú; d'aithin sé go bhféadfadh fadhb an chabatáiste chórasaigh leanúint de bheith ann, ar fadhb í atá le fáil go bunúsach i líon beag Ballstát. Aon choimirce a phléifí mar chuid de chomhréiteach, ba ghá go mbeadh sí in-fhorfheidhmithe ar bhealach éifeachtach.

c) Rialachán (CE) Uimh. 561/2006

Scíth rialta sheachtainiúil i gcábán an tiománaí

Le tuairimí na mBallstát i ndáil le moladh an Choimisiúin go gcuirfí toirmeasc ar chodladh a dhéanamh i gcábán an tiománaí le linn na scíthe rialta seachtainiúla agus na dtréimhsí coibhéiseacha cúitimh, ba léir éagsúlacht mhór ina ndearcadh. Cé go raibh líon mór Ballstát i bhfabhar an mholta mar gur dhearbhu a bhí ann ar a dtuiscint siúd ar na rialacha reatha, ba mhó fós líon na mBallstát a bhí go láidir ina choinne ar an mbonn go raibh sé neamhphraiticiúil agus idirdhealaitheach. Maidir le hábaltacht na dtiománaithe na solúbthachtaí a d'fhéadfadh a bheith sa dlí nó a d'fhéadfaí a chur ar fáil sa dlí a úsáid chun a mbuntáiste, bhí tuairimí éagsúla freisin sna grúpaí Ballstát seo, fearacht mar a tharla i ndáil le gnéithe eile den togra, agus bhí easaontas eatarthu maidir le fiúntas, agus inrialaitheacht, na sonraí a rialáil maidir leis an gcaoi ina nglacfaí an scíth rialta sheachtainiúil.

Tacaíodh ar bhealach suntasach leis an moladh comhréitigh ón Uachtaránacht go ndéanfaí idirdhealú idir toirmeasc a bheith ar scíth sheachtainiúil sa chábán é féin, agus scíth sheachtainiúil a cheadófaí sa chábán i gcás ina mbeadh an trucail i limistéar slán, compordach páirceála. Mar sin féin, chloígh roinnt Ballstát lena seasamh gur cheart toirmeasc docht a chur ar an scíth sheachtainiúil a dhéanamh sa chábán mar a mhol an Coimisiún i dtús báire. Bhí amhras ar phéire Ballstát gur cheart an Rialachán maidir le ham scíthe a úsáid chun na critéir a rialáil i ndáil le háiteanna scíthe, agus bhí amhras ar Bhallstáit eile an raibh aon mhaitheas phraiticiúil ag roinnt leis an idirdhealú sin ós rud é nach raibh aon "éileamh" ann dá leithéid d'áiteanna scíthe, sin nó go raibh ganntanas as cuimse díobh ann, ag brath ar dhlús an tráchta i réigiúin áirithe.

Má bhítear le caighdeáin a shocrú sna rialacha, d'aontaigh formhór na mBallstát gur cheart go bhféadfaí iad a nuashonrú trí reachtaíocht thánaisteach, agus go mbeadh faisnéis sho-inrochtana ar fáil do thiománaithe. D'aontaigh roinnt mhaith Ballstát leis an Uachtaránacht go m'fhéidir nár theastaigh nós imeachta deimhniúcháin i ndáil le limistéir oiriúnacha scíthe ach gur ghá foinse iontaofa faisnéise faoi na limistéir sin a bheith ar fáil agus go ndéanadh an lucht riaracháin faireachán air sin. Mhol Ballstát amháin go ndéanfaí moladh an Choimisiúin a neartú trí mheáin éifeachtacha rialála a chur ar fáil, mar shampla oibleagáid a chur ar an tiománaí fianaise a thabhairt i ndáil leis an áit inar lig sé nó sí an scíth rialta sheachtainiúil. Mar sin féin, d'aontaigh formhór na mBallstát leis an moladh ón Uachtaránacht nach n-iarrfaí an doiciméadacht sin, ach go mbeifí taobh, ina ionad sin, le faisnéis tacagraif nuair a bheadh seiceálacha cois bóthair á ndéanamh.

Tuigeadh go forleathan go raibh na háiteanna páirceála chomh plódaithe sin in roinnt limistéar den Aontas nach mbeadh fiú toirmeasc ar an scíth sheachtainiúil a dhéanamh sa chábán in ann an scéal a leigheas ar aon bhealach suntasach.

Filleadh abhaile agus sceideal na scíthe seachtainiúla

Maidir leis an gceart atá ag an tiománaí **fillleadh abhaile** go rialta, thacaigh grúpa mór Ballstát leis an moladh ón gCoimisiún go mbeadh rithim trí seachtaine ann. Thacaigh grúpa níos lú de Bhallstáit le 12 seachtaine agus dúirt an grúpa is mó go bhféadfadh siad glacadh le moladh na hUachtaránachta gur sé seachtaine a shocrófaí. Luaigh ceithre Bhallstát go bhféadfadh comhréiteach de cheithre seachtaine a bheith inghlactha. Mhol Ballstát amháin gur cheart an téacs a leasú sa chaoi go ndéarfaí go soiléir nár cheart an t-am taistil abhaile a dhealú ón tréimhse scíthe.

Maidir le sainiú an téarma "abhaile", d'aontaigh bunáite na mBallstát leis an Uachtaránacht gur ghá téarma leathan le nach gcuirfí an iomarca srianta ar an tiománaí. Ba ghá a chinntiú freisin, áfach, go mbeadh an oibleagáid sách praiticiúil freisin don oibreoir a mbíonn air sceideal oibre an tiománaí a eagrú. Mhol Ballstáit eile gur cheart gurbh í an tír bhunaíochta nó an tír fostaíochta a bheadh mar "bhaile".

Maidir le **sceideal na scíthe seachtainiúla**, eadhon tréimhsí scíthe méadaithe a chruthú mar chúiteamh ar thréimhsí scíthe laghdaithe, bhí formhór na mBallstát ag iarraidh an cur chuige reatha désheachtainiúil a choinneáil seachas athrú go ceithre seachtaine mar a mhol an Coimisiún. Ag an am céanna, ba dhíol sásaimh do roinnt Ballstát an moladh ón gCoimisiún go mbeadh solúbthachta bhreise ann do thréimhse ceithre seachtaine. Maidir leis an gceist ar ghá Airteagal 6(3) de Rialachán 561/2006 a leasú mar thoradh air sin, mhol péire Ballstát go ndéanfaí teorainn an ama charntha tiomána a ardú go ceithre seachtaine, atá comhfhreagrach le 180 uair an chloig in imeacht ceithre seachtaine seachas 90 uair an chloig in imeacht coicíse, ach bhí roinnt Ballstát eile go láidir ina choinne seo.

Maidir le **cúiteamh ar an scíth sheachtainiúil laghdaithe**, ba é ba rogha le roinnt Ballstát an tsolúbthacht atá ann faoi láthair a choinneáil chun an cúiteamh a úsáid in éineacht leis an scíth laethúil agus leis an scíth sheachtainiúil. Thacaigh Ballstáit eile leis an moladh comhréitigh ón Uachtaránacht go gceadófaí do thiománaithe an cúiteamh a úsáid in éineacht le tréimhsí seachtainiúla scíthe agus scíth sheachtainiúil laghdaithe san áireamh, ach gan é a úsáid le tréimhsí scíthe laethúla.

Saincheisteanna eile

Bhí líon suntasach Ballstát nach bhféadfadh tacú leis an moladh go bhfaighfí réidh leis an teorainn meáchain de 7.5 tona sa díolúine le haghaidh **iompar neamhthráchtála earraí**. Mhol ceann de na Ballstáit sin tairseach nua 18 t, tairseach ar gá go ndéanfaidh na toscaireachtaí eile í a mheasúnú fós. Cuireadh roinnt míshásaimh in iúl freisin i dtaca leis an iarracht brí "neamhthráchtála" a imscríobh. Cé gur mheas roinnt toscaireachtaí gur róchasta an cheist sin lena réiteach chun sástachta, cheap cuid eile gur cheart ar a laghad cur chuige comhsheasmhach a leagan síos ar fud reachtaíocht uile an Aontais.

Chuir dhá Bhallstát forchoimeádas sonracha grinnscrúdaithe isteach maidir le códú na treorach i ndáil le sosanna le linn **oibríochtaí sealáíochta**.

I measc na dtoscaireachtaí a nocht tuairimí, léiríodh go rabhthas i bhfabhar an mholta ón gCoimisiún **solúbthacht** áirithe a thabhairt **do thiománaithe** imeacht ó rialacha áirithe i dtaca le scíth d'fhonn socrú oiriúnach a fháil, ach cuireadh ceisteanna faon gcaoi ina bhféadfaí a chinntiú nach baol don tsábháilteacht bóthair a leithéid. Léirigh Ballstát amháin go raibh gá le roinnt solúbthachta breise maidir leis an am tiomána nuair a bheadh tús á chur leis an scíth rialta sheachtainiúil.

Chuir toscaireachtaí forchoimeádais isteach freisin i ndáil le húsáid an nós imeachta comhairligh chun **gníomhartha cur chun feidhme** a ghlacadh d'fhonn cur chuige comhchuibhithe a shainmhíniú don chur chun feidhme.

Barúlacha ón gCoimisiún

Bhí ról lárnach ag ionadaí an Choimisiúin sna hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht an bealach a réiteach chun teacht ar chomhréitigh a bhféadfadh tromlach na dtoscaireachtaí tacú leo.

D'fhorchoimeád sé seasamh an Choimisiúin agus dúirt go soiléir gur imeacht suntasach ó thogra an Choimisiúin a bhí i gceist le cur chuige na hUachtaránachta don scíth sa chábán, don fhilleadh abhaile/sceideal na scíthe seachtainiúla ach fós féin go raibh de mhaitheas ann go raibh sé ag déileáil le hábhair éagsúla inní, go háirithe i ndáil le limistéir oiriúnacha páirceála agus scíthe.

d) Rialachán (AE) Uimh 165/2014

Thacaigh na Ballstáit leis an moladh ón gCoimisiún go ndéanfaí **an fhaisnéis a thaifeadtar sa tacagraf** a leathnú amach trí thrasnuithe teorann a áireamh le gurbh fhearr a bheifí in ann rialacha sóisialta agus margaidh a leanúint. Sa chomhthéacs sin, thacaigh tromlach na mBallstát leis an togra ón Uachtaránacht go ndéanfaí **cuspóirí bhailiú fhaisnéis na dtacagraf a shoiléiriú**, cé gur mhol roinnt acu freisin go dtagrófaí don fhaireachán ar oibleagáidí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 (rochtain ar an margadh do sheirbhísí cóiste agus bus). Mar sin féin, bhí roinnt Ballstát den tuairim go mbeadh an "rianú" breise a bheadh á dhéanamh ar an tiománaí, chun críocha difriúla, ag teacht salach ar leasanna cosanta sonraí, agus gur ghá aird speisialta i dtéarmaí riachtanais agus comhréireachta. Mhol na toscaireachtaí sin go bhfaighfí tuairim ón maoirseoir Eorpach ar chosaint sonraí, ach ní bhfuarthas an tromlach a theastaíonn. Thug Seirbhís Dlí na Comhairle measúnú chomh maith.

Glacadh ar an mórgóir leis na moltaí ón Uachtaránacht maidir le sonraíochtaí a chur leis an téacs ó thaobh cathain agus cén áit a mbeadh ar an tiománaí **cóid tíre a chur isteach** tar éis an teorainn a thrasnú, ag an gcéad stop a bhí pleanáilte nó a raibh ghá leis. Bhí tromlach na mBallstát i gcoinne oibleagáid a bheith ann i ndáil le stop breise a dhéanamh chun an cód tíre a chur isteach, rud a d'fhág gur thacaigh siad le cur chuige na hUachtaránachta lena gceanglaítear gan an cód tíre a chur isteach ach in oibríocht idirthurais ag stop pleanáilte nó stop riachtanach. Mar sin féin, chuir mionlach de na Ballstáit i gcoinne na sonraíochtaí sin, go príomha mar gheall ar cheisteanna i ndáil le beachtas an fhorfheidhmithe. Cheap siad go mbeidís in ann brath ar uainiú an-bheacht i ndáil le trasnú na teorann d'fhonn na rialacha sóisialta a leanúint, agus theastaigh stop éigeantach uathu d'oibríochtaí idirthurais agus bhí siad ag iarraidh go ndéanfaí an oibleagáid sin a leathnú chuig tiománaithe nach raibh ach tacagraif analógacha á n-úsáid acu. D'áitigh siad chomh maith go bhfuil solúbthacht praiticiúla áirithe a chur leis a d'fhéadfadh moill a chur leis an éagóir dreasachta tacagraif chliste a shuiteáil, a bheadh an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil go leictreonach.

Ón bplé sin d'eascair plé níos leithne faoinar cheart **tabhairt isteach éigeantach na dtacagraif chliste** san fhlít reatha (iarfheistiú, mar a thugtar air, a bheidh éigeantach faoi 2034) a dhéanamh 5 bliana nó deich mbliana níos luaithe. Cuid mhaith de na toscaireachtaí a nocht tuairimí i dtaca leis an gceist sin, ba éard a dúirt siad go raibh siad i bhfách lena leithéid, cé go raibh toscaireachtaí eile a bhí ag iarraidh fanacht ar staidéar agus ar mheasúnú an Choimisiúin, a bhí le heisiúint sula i bhfad. Níor aontaigh roinnt toscaireachtaí gur cheart an dáta a thabhairt chun tosaigh le linn na caibidlíochta ar phacáiste an iompair de bhóthar, á rá nach raibh an comhréiteach a fuarthas ar an Rialachán maidir le tacagraif ann ach le trí bliana agus gur caitheadh dua lena fháil. Cuid de na toscaireachtaí, níor nocht siad aon tuairim fós.

Agus é ag tagairt do na heasnamh a bhaineann le **sraith sonraí** nach bhfuil iontu ach 28 lá ón tacagraf ó thaobh rialú na rialacha sóisialta de, mhol Ballstát amháin go ndéanfaí an cumhdach a shíneadh go 60 lá. Chuir toscaireachtaí eile forchoimeádas grinnscrúdaithe isteach.

Mheas ionadaí an Choimisiúin gurbh ábhartha é an méid a bhí á mholadh ag an Uachtaránacht, mar gheall, ar an gcéad dul síos, ar chúiseanna praiticiúla (na cóid tíre a chur isteach) agus ar an dara dul síos, ar stóinsitheacht dhíthiúil (chun críocha bailithe sonraí).

e) **Treoir don *lex specialis* i ndáil le hoibrithe san iompar de bhóithre a phostú agus Treoir 2006/22/CE**

Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh an plé ar an togra in áit na leathphingne cuid mhaith leis an aird ar fad a díriodh ar an gceist ar cheart go mbeadh aon fheidhm ar chor ar bith ag **na rialacha maidir le hoibrithe a phostú** i gcomhthéacs oibríochtaí iompair idirnáisiúnta de bhóthar. Ó tharla an plé ar athbhreithniú na Treorach maidir le hoibrithe a phostú² a bheith níos faide chun cinn, tarraingíodh gnéithe áirithe den phlé isteach in ullmhúchán an chur chuige ginearálta don athbhreithniú sin, agus baineadh amach an cur chuige ginearálta ag cruinniú Chomhairle EPSCO ar an 23 Deireadh Fómhair 2017. Go háirithe, pléadh cóireáil na n-oibríochtaí iompair idirthurais sa chomhthéacs sin, agus thángthas ar chomhaontú nach gcuirfí na hathruithe ar an Treoir maidir le hoibrithe a phostú i bhfeidhm ar earnáil an iompair de bhóthar ach amháin nuair a bheadh an *lex specialis* tar éis teacht i bhfeidhm.

Bhí mínithe faighte ag an Meitheal um iompar de thalamh ó Sheirbhís Dlí na Comhairle mar aon le haighneachtaí i scríbhinn ón gCoimisiún i dtaca le gnéithe éagsúla den phostú. Mheas cuid mhaith toscaireachtaí tábhacht ar leith a bheith ag baint leis na haighneachtaí sin, agus leis an bplé sa Chomhairle EPSCO, lena n-áirítear a raibh le rá ag an gCoimisiún agus ráiteas uaidh ar an ócáid sin.

Maidir le **tréimhse chairde** ó thaobh príomhchodanna de na rialacha maidir le hoibrithe a phostú a chur i bhfeidhm, chloígh roinnt Ballstát lena bprionsabal nár cheart na caighdeáin sin a fheidhmiú i ndáil le tiománaithe ar chor ar bith. Formhór na mBallstát sa ghrúpa seo áfach, bheadh siad sásta bogadh beagáinín ón seasamh sin dá mba tréimhse cairde uilechuimsitheach í a shocrófaí ar leibhéal lena bhféadfaí tairbhiú go praiticiúil ón díolúine. Chuir na Ballstáit sin coinníollacha breise ann lena leithéid de chomhréiteach a bhaint amach, mar shampla laghdú ar líon na gcaighdeán sóisialta agus na gceanglas riaracháin a mbeadh feidhm acu.

² Treoir 96/71/CE.

De bharr a ndálaí iargúlta nó dhéine a dtráchtáiste, bhí grúpa eile Ballstát ann, ar lú é mar ghrúpa, a raibh inní orthu freisin faoi na gnéithe thuas. Os a choinne sin, d'éiligh grúpa eile Ballstát gur cheart na rialacha ar fad maidir le hoibrithe a phostú a fheidhmiú ón uair a thioctadh tiománaithe ó Bhallstáit eile de chuid an Aontais isteach ina gcíoch, nó an-luath ina dhiaidh dóibh teacht isteach, agus bhíodar i gcoinne aon díolúine a bheith ann d'oibríochtaí cabatáiste. I bprionsabal, bhí na toscaireachtaí ar aon fhocal leis an gCoimisiún gur ghá *lex specialis* sa chás go mbeadh feidhm ag na rialacha maidir le hoibrithe a phostú, d'fhonn freastal ar shainiúlachtaí earnála an iompair de bhóthar agus chun cothroime iomaíochta a áirithiú do na rialuithe ar leibhéal an Bhallstáit óstaigh. Bhí an chuma ar an scéal go raibh inní ar thromlach na mBallstát go príomha mar gheall ar an ualach riaracháin a thioctadh ó na rialacha sin, lena n-áirítear an t-ollpháipéarachas a theastódh chun déileáil leis na rialacha maidir le hoibrithe a phostú, ach ag an am céanna go raibh siad ag iarraidh go ngníomhófaí chun fáil réidh leis na dálaí mídhaonna oibre a bhí ag tiománaithe áirithe.

Raon feidhme

I ndáil le **hidirthuras**, tromlach mór na dtoscaireachtaí a nocht tuairim, d'aontaigh siad le tuairim na hUachtaránachta nach oibrithe postaithe iad tiománaithe le linn oibríochtaí idirthurais. Chuir tromlach de na toscaireachtaí in iúl freisin gurbh fhearr leo go dtabharfaí aghaidh ar cheist an idirthurais sa téacs dlíthiúil (bíodh sé sin sa phríomhTreoir í féin nó in *lex specialis*). Chuir Ballstát amháin in iúl go soiléir gur cheap sé gur oibrithe postaithe iad na tiománaithe agus iad i mbun idirthurais.

Níor thángthas ar aon chonclúid sa phlé a rinneadh maidir le **céim bhóthair de chomhoibríocht iompair** mar bhí líon suntasach Ballstát i bhfabhar gan an cheist sin a anailísiú go dtí go mbeadh an togra ábhartha le haghaidh treorach a leasú tíolactha.³ Bhí Ballstáit eile a bhí ag iarraidh dearcadh cuimsitheach a chaomhnú ar an oibríocht idirnáisiúnta seachas í a roinnt ina gcodanna éagsúla ar mhaithe leis na rialacha maidir le postú a chur i bhfeidhm. Bunáite na dtoscaireachtaí a léirigh tuairim, d'aontaigh siad leis an Uachtaránacht gur cheart an staid a shoiléiriú ar bhealach amháin nó ar bhealach eile.

Thacaigh roinnt Ballstát leis an moladh ón Uachtaránacht go leathnófaí na maoluithe ar an *lex specialis* chuig **oibríochtaí ar a gcuntas féin (iompair de bhóthar)** mar atá sainithe sa Treoir maidir le hoibrithe a phostú, agus bhí Ballstáit eile ar theastaigh a thuilleadh ama uathu chun impleachtaí leasaithe mar sin a mheas.

³ Treoir 92/106/CEE.

Na tréimhsí postaithe a ríomh

Bhí dhá ghort á dtreabhadh sa phlé a rinneadh ar **na tréimhsí postaithe a ríomh**. Thacaigh líon suntasach Ballstát le cur chuige an Choimisiúin gur cheart tréimhse tagartha sé uair an chloig a úsáid chun leathlaethanta agus laethanta iomlána a ríomh. Grúpa suntasach eile Ballstát, bhí siad ag iarraidh líon iarmhír na n-uaireanna a caitheadh sa Bhallstát óstach a chur san áireamh, sa chaoi nach mbeadh "lá láithreachta" ann go dtí go mbeadh 24 uair an chloig imithe. I dtaca le tréimhsí scíthe agus tréimhsí infhaighteachta a chur san áireamh, níor thacaigh tromlach leis an moladh ón Uachtaránacht go ndéanfaí tréimhsí scíthe seachtainiúla a eisiamh ón ríomh. Roinnt Ballstát, ar an lámh eile, theastaigh uathu dul ní b'fhaide agus tréimhsí scíthe laethúla agus tréimhsí infhaighteachta a eisiamh ón ríomh.

Tharla plé a bhí cosúil leis an bplé faoi uainiú chur isteach na faisnéise trasnaithe teorann sa tacagraf maidir le **conas ba cheart an láithreacht faoi na rialacha postaithe a áireamh nuair a tháinig an trucail isteach sa Bhallstát óstach ar bhád farantóireachta nó ar thraein**. Ar an mórgóir, thacaigh na toscaireachtaí leis an moladh ón Uachtaránacht go measfaí go dtosaíonn an postú sa chalafort nó sa stáisiún teachta. Chuir dhá Bhallstát in iúl gurbh fhearr leo go n-úsáidfí an tráth a bhfágfadh an tiománaí an calafort nó an stáisiún teachta. Chloígh Ballstát amháin lena thuairim gur cheart go dtosódh an ríomh ag an teorainn, beag beann ar an modh iompair. Níor thángthas ar aon chonclúid i ndáil leis an gcaoi ba cheart caitheamh leis an am (infhaighteachta nó scíthe) a caitheadh ar bhád farantóireachta nó ar thraein, mar shampla cé acu ba cheart solúbthacht áirithe a thabhairt don tiománaí na tréimhsí sin a leithdháileadh don tír a fhágann sí nó an tír a dtagann sé chuici.

Ceanglais riaracháin agus bearta rialaithe

As na Ballstáit a nocht tuairim, dúirt tromlach mór díobh gurbh mhian leo "liosta dúnta" de **cheanglais riaracháin agus bearta rialaithe** chun na rialacha maidir le postú a fhorfheidhmiú in earnáil an iompair de bhóthar sa *lex specialis*. Ba é a dúirt na Ballstáit sin go bhféadfaí a áirithiú, le liosta uileghabhálach rialacha comhchuibhithe ar fud na mBallstát, go ngabhfadh oibríochtaí ar aghaidh chomh réidh agus is féidir san earnáil sin, ar earnáil de chineál an-soghluaiste, an-idirnáisiúnta í. Bhí siad i bhfách le cineál ar leith seo na hearnála a léiriú ar bhealach ní ba shainráite sa Treoir agus mheas siad go bhféadfaí a fhoráil leis an reachtaíocht do ndéanfaí gníomh den reachtaíocht thánaisteach a úsáid chun nuashonrú a dhéanamh ar liosta na gceanglas agus na mbearta rialaithe i gcomhréir leis na forbairtí teicneolaíocha sa rialú agus san iompar.

Ba beag líon na mBallstát a thacaigh le liosta neamh-uileghabhálach. D'fhorchoimeád péire Ballstát a seasamh mar bhí inní orthu nach soláthródh an liosta gach ar theastaigh.

Maidir le inneachar an liosta, rinne dhá Bhallstát moltaí nithiúla i ndáil le giorrú a dhéanamh ar liosta na n-eilimintí rialaithe a bhí molta ag an gCoimisiún i gcomhair seiceálacha cois bóthair agus i ndáil le roinnt eilimintí imscrúdaithe a aistriú isteach i ndara céim forfheidhmiúcháin trasteorann trí bhíthin an chomhair riaracháin agus seiceálacha san áitreabh. Bhí roinnt Ballstát sásta leis na moltaí sin. Mar sin féin, leag Ballstáit eile béim ar a thábhachtaí a bhí sé go mbeadh dearbhuithe postaithe cothrom le dáta ar fáil, agus bhí éagsúlacht tuairimí ann maidir lena úsáidí a bheadh sé duillíní pá a sheiceáil cois bóthair, ós rud é go gcumhdaíonn siad tréimhsí ama atá caite agus go bhfuil difríochtaí eatarthu i dtéarmaí formáid, inneachair agus teanga. I measc na bpríomhghnéithe ar a rabhthas ag díriú le linn an phlé, bhí an gá go dtabharfaí doiciméid sho-inmheasúnaithe don fhoireann chigireachta agus go mbeadh bunús acu chun cinntí a dhéanamh ar an láthair, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as córais faisnéise nuachóirithe, cé gur cheap Ballstáit eile nach bhféadfaí cinntí a dhéanamh ach amháin tar éis seiceálacha a dhéanamh san áitreabh.

Saincheisteanna eile

Bhí inní ar dhá Bhallstát i ndáil le cur i bhfeidhm praiticiúil agus forfheidhmiú na rialacha maidir le postú i leith **tarlóirí agus tiománaithe nach den Aontas iad**. Ós rud é go gceapann siad go mbeadh sé dodhéanta na rialacha maidir le postú a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar an leibhéal praiticiúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh buntáiste ag tarlóirí ó lasmuigh den Aontas Eorpach thar tarlóirí de chuid an Aontais.

Córas grádaithe riosca i dTreoir 2006/22/CE

Cé gur thacaigh tromlach láidir i bprionsabal le cur chuige an Choimisiúin chun feabhas a chur ar an gcóras grádaithe riosca faoin treoir maidir le forfheidhmiú, bhí roinnt Ballstát a raibh inní orthu agus a d'iarr go ndíreofaí i dtús ar chur chun feidhme iomlán na gcóras grádaithe riosca ar an leibhéal náisiúnta. Ar aon dul leis sin, d'iarr cuid mhaith Ballstát go mbeadh idirthréimhse ann. Bhí amhras freisin ar phéire Ballstát faoi chritéir phribhléideacha a bheith ann do thrucaílí a mbeadh "tacagraf cliste" agus b'fhacthas dóibh deacrachtaí a bheith ann chun riosca a ríomh i gcás tarlóirí a mbeadh an-chuid feithiclí fruilithe in úsáid acu.

An Treoir maidir le rialú ama oibre

Cheap líon mór Ballstát go mbeadh deacrachtaí praiticiúla ann dá gcaithfí comhlíontacht leis an Treoir maidir le ham oibre a chlúdach leis na seiceálacha cois bóthair.⁴ Mhínigh an Coimisiún go rabhthas ag féachaint roimhe sin an bhféadfaí eagar nua a chur ar chodanna den Treoir maidir le ham oibre d'fhonn na rialuithe a éascú ach gur measadh nach raibh a leithéid indéanta faoi láthair de bharr easpa tacaíochta ó na comhpháirtithe sóisialta.

Ansin, d'fhonn teacht ar bhealach a bheadh éifeachtach ó thaobh costais de chun a áirithiú go bhforfheidhmeofaí an treoir maidir le ham oibre, mhol an Uachtaránacht go ndéanfaí na ceanglais rialaithe a theorannú do sheiceálacha in áitribh na dtarlóirí. Comhréiteach a bheadh sa mhéid sin idir an cuspóir feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na treorach maidir le ham oibre agus an inní go mbeadh leibhéil fósta rialaithe cois bóthair neamhéifeachtach. D'aontaigh na toscaireachtaí go ngabhfaí ar aghaidh leis an gcur chuige sin.

Barúlacha ón gCoimisiún

D'imir ionadaí an Choimisiúin ról an-chuiditheach ó thaobh an ábhar casta seo a shoiléiriú mar aon leis an amhras a bhain leis na rialacha maidir le postú a bheith á gcur i bhfeidhm san earnáil iompair de bhóthar. Thacaigh sé le roinnt tionscnamh ón Uachtaránacht chun an téacs a shoiléiriú, go háirithe i ndáil le raon na n-oibríochtaí a chumhdaítear leis na rialacha maidir le postú agus chun ríomh na dtréimhsí a dhéanamh níos oibríochtúla, ach ag seasamh le prionsabail an togra ag an am céanna. Ar na prionsabail sin, bhí go gcuirfí i bhfeidhm na rialacha maidir le postú, agus maoluithe áirithe ag gabháil leo, agus go gcuirfí san áireamh postú ó na tréimhsí ar fad a bhain le tréimhsí oibre sa ríomh. Dheimhnigh ionadaí an Choimisiúin nach postú é idirthuras. Dúirt sé freisin, i dtaca leis na ceanglais riaracháin agus bearta rialaithe, gur cheart go mbeadh na rialacha sin comhchuibhithe go hiomlán agus ar bhealach uileghabhálach ar leibhéal an Aontais (i.e. "liosta dúnta"). Cé gur cuspóir tábhachtach é go gcuirfí feabhas ar fhorfheidhmiú na treorach maidir le ham oibre, mheas sé fós féin gur cheart go gcuirfí san áireamh na bacainní praiticiúla sna meáin forfheidhmithe.

⁴ Treoir 2002/15/CE.

f) **Treoir 2006/1/CE**

Maidir leis an moladh go dtabharfaí solúbthacht bhreise don chás ina mbeadh feithiclí fruilithe gan tiománaithe á n-úsáid trasteorann chun earraí a iompar de bhóthar, lean roinnt Ballstát dá bhforchoimeádais i dtaca leis an gcreimeadh a d'fhéadfadh teacht ar ioncam ó cháin ar fheithiclí. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit sin an moladh comhréitigh ón Uachtaránacht go ndéanfaí an **tréimhse íosta** ina gceadaítear cúrsaíocht a laghdú go dtí trí mhí (seachas ceithre mhí), ach b'fhearr le cuid acu sin nach mairfeadh an tréimhse ach dhá mhí nó fiú aon mhí amháin. Ar an gcaoi chéanna, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an moladh ón Uachtaránacht go gceadófaí do Bhallstáit uasteorainn a leagan síos i ndáil leis an gcion feithiclí fruilithe a d'fhéadfadh a bheith san fhlíth fhoriomlán feithiclí in úinéireacht, ach bhí roinnt toscaireachtaí eile ar theastaigh uathu tuilleadh staidéir a dhéanamh i dtaca leis sin agus b'fhearr le toscaireacht amháin an uasteorainn a chur i bhfeidhm ar an bhflíth fhoriomlán a bhí in úsáid ag an ngnóthas. Dhiúltaigh ceithre Bhallstát do mholadh an Choimisiúin, cé gur ghlac toscaireachtaí eile leis díreach mar a bhí, agus tagairt á déanamh acu don léirscaoileadh a rinneadh cheana ar an leibhéal náisiúnta. Mhol Ballstát amháin gur cheart cead a thabhairt do Bhallstát teorainn a chur ar úsáid feithiclí fruilithe atá faoi bhun meáchain áirithe. Chuir dhá Bhallstát tuairimí éagsúla in iúl i dtaca leis an moladh go ndéanfaí an srianadh meáchain a scriosadh d'fheithiclí fruilithe in **oibríochtaí ar a gcuntas féin**.

Bhí bunáite na dtoscaireachtaí sásta leis an togra ón Uachtaránacht ó thaobh **an rialú a dhéantar ar na teorainneacha ama atá fágtha** a éascú. I dtuairim roinnt toscaireachtaí, bhí rioscaí suntasacha ann fós i ndáil le rialacha eile a rialú, go háirithe, maidir le cabatáiste agus ba ábhar inní freisin do roinnt toscaireachtaí eile feithiclí a bheith ag athrú ó chonradh amháin go ceann eile, agus an t-ualach oibre a bhainfeadh le déileáil le sárúithe breise trasteorann. Mheas Ballstát amháin gur inmhianaithe ceangal sainráite a chur sna rialacha go mbeadh na feithiclí fruilithe **cláraithe** mar is ceart san Aontas Eorpach.⁵

Bhí an-chuid toscaireachtaí sásta tacú leis an Uachtaránacht agus na coinníollacha ceadaithe cúrsaíochta a athfhoirmiú d'fheithiclí fruilithe a cuireadh i gcúrsaíocht mar is ceart roimhe sin i mBallstát eile agus **arna bhfruiú ag gnóthas a bhí bunaithe i mBallstát eile**. Mar sin féin, ós rud é go ndearna Ballstát eile moladh difriúil a chur chun cinn ina leith sin, bhí roinnt Ballstát nach raibh cinnte fós faoina seasamh.

⁵ Féach Treoir 1999/37/CE ón gComhairle.

Ar deireadh, ghlac na toscaireachtaí leis an moladh ón Uachtaránacht go ndéileálfáí le rioscaí áirithe a bheadh fágtha trí **athbhreithniú arna dhéanamh ag an gCoimisiún** faoi cheann cúig bliana tar éis chur chun feidhme na rialacha nua.

Bhí forchoimeádas ginearálta ag ionadaí an Choimisiúin agus léirigh sé oscailteacht ó thaobh roinnt coimircí a chur isteach sa togra.

IV. OBAIR AMACH ANSEO

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Uachtaránacht na hEastóine ar an-chuid gnéithe de cholún margáí agus sóisialta an chéad phacáiste soghluaisteachta. Is bonn téagartha don phlé amach anseo a bheidh i dtorthaí a cuid oibre. Bhí an ceithre chomhad á gcur ar aghaidh i gcomhthráth lena chéile agus rinneadh níos mó dul chun cinn i gcuid acu thar a chéile ó thaobh comhthoil a bhaint amach.

Rinneadh dul chun cinn maith go háirithe i dtaca leis an obair theicniúil ar na moltaí maidir le rochtain ar an ngairm (i ndáil leis na critéir bhunaíochta agus na feithiclí tráchtála éadroma), ar fheithiclí fruilithe agus ar thacagraif. Creideann an Uachtaránacht go bhfuiltear gar don chomhréiteach.

Teastaíonn a thuilleadh oibre maidir leis an moladh i dtaca le tréimhsí sosa le go mbeifear in ann teacht ar chomhréiteach a bheidh oiriúnach do chách. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil tromlach na mBallstát ar aon fhocal faoin treo a bhfuil an comhréiteach ag dul, ach tá constaicí suntasacha eile le sárú ag cuid eile díobh. Caithfear leasuithe nithiúla a fhorbairt má táthar chun bogadh ar aghaidh.

Is ar na moltaí i ndáil le hoibríthe iompair de bhóthar a phostú agus le rochtain ar an margadh is mó a theastófar obair. Ní dhearnadh mórán dul chun cinn maidir leis na comhaid sin fós, tharla iad an-pholaitiúil agus idirnasctha lena chéile mar chomhaid. Chomh maith leis sin, dhearbhaigh go leor Ballstát nach bhfuil seasamh oifigiúil acu fós. Tagann castacht bhreise ón idirnasc leis na obair reachtach a bhaineann leis na leasuithe ar an treoir ghinearálta maidir le hoibríthe a phostú, áit nár glacadh cur chuige ginearálta na Comhairle go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2017 agus nár thosaigh na cruinnithe tríphárteacha ach go dtí le déanaí.

Leis an obair a rinneadh i gcomhlachtaí ullmhúcháin faoi Uachtaránacht na hEastóine, léiríodh a thábhachtaí atá sé cur chuige comhsheasmhach, comhthreorach a bheith ann i ndáil le heilimintí éagsúla an phacáiste.

V. CONCLÚID

Tar éis an chruinnithe a bhí aige ar an 22 Samhain 2017, iarann Coreper ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá haird d'fhonn tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh chun dul chun cinn i ndáil leis an bpacáiste.
